SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# C U N T A S A Í O C H T - A R D L E I B H É A L

(400 marc)

**DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH 2002 - MAIDIN 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.**

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn:

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist
ar bith eile

## 1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe €940,000 ag Tuirnéir Tta., agus é roinnte de réir 540,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 400,000 Scair Thosaíochta 6% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2001.

| | € | € |
|---|---|---|
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 168,000 | |
| Dímheas carntha – Veaineanna seachadta | | 64,000 |
| Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas | 850,000 | |
| Dímheas carntha – Talamh agus Foirgnimh | | 76,000 |
| Paitinní (ús infheistíocht 3 mí faighte san áireamh) | 67,000 | |
| Infheistíochta 8% 1/5/2001 | 150,000 | |
| Stoic 1/1/2001 | 61,000 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 510,000 | 830,000 |
| Táillí Stiúrthóirí | 62,000 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta | 155,000 | |
| Ús ar bhintiúir íoctha don chéad 3 mhí den bhliain | 3,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 70,900 | 85,000 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,600 |
| Díbhinní eatramhacha don chéad 6 mhí | 32,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2001 | | 50,400 |
| Bintiúir 8% (90,000 bintiúr 8% eisithe ar par ar 31/3/2001 san áireamh) | | 240,000 |
| CBL | | 13,500 |
| Banc | | 7,400 |
| Caipiteal eisithe | | |
| 460,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 460,000 |
| 300,000 Scair thosaíochta 6% | | 300,000 |
| | 2,128,900 | 2,128,900 |

Ní mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

(i) €66,000 ba ea an stoc ar láimh ar 31/12/2001 ar a chostas. Tá seanstoc san áireamh san fhigiúr seo a chosain €7,000 ach a bhfuil glanluach inréadaithe 70% dá chostas aige.

(ii) Baineadh an figiúr bainc sa chomhardú trialach as cuntas bainc an ghnólachta. Tá ráiteas bainc, dar dáta 31/12/2001 tar éis teacht agus iarmhéid sochair de €430 á léiriú aige. Tá na míréireachtaí seo tugtha chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:
1. Íocadh ioncam infheistíochta €4,000 go díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta.
2. Iontráladh seic ar €960, a eisíodh chuig soláthraí, sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €690.
3. Íocadh aistriú creidmheasa €600 go díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta thar ceann féichiúnaí bhancbhriste. Ba ionann seo agus an chéad íocaíocht agus an íocaíocht dheiridh ar 20c in aghaidh an €1.
4. Níor tíolacadh fós le híoc seic ar €3,500 a eisíodh chuig stiúrthóir.

(iii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar luach bliantúil 20% dá gcostas ó dháta a gceannaigh go dtí dáta a ndíola.
NÓTA: Ar 31/5/2001, trádáladh isteach veain seachadta a chosain €50,000 ar 1/6/1998, in aghaidh veain nua a chosain €74,000. Tugadh liúntas €24,000 i leith an tseanveain. Maidir leis an seic ar glanmhéid an bhirt, déileáladh go hearráideach leis mar cheannachán stoc trádála. Ba é seo an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.

(iv) Déantar dímheas ar fhoirgnimh ar 2% dá gcostas in aghaidh na bliana. (€350,000 a bhí ar thalamh ar a chostas). Ag deireadh 2001 rinne an chuideachta athluacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh ar €950,000.

(v) Tá paitinní, a raibh ioncam infheistíochta 3 mí san áireamh iontu, le díscríobh thar tréimhse 5 bliana ag tosú i 2001.

(vi) Soláthar a dhéanamh d'ioncam infheistíochta agus d'ús dlite ar bhintiúir araon.

(vii) An soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go dtí 5% de na féichiúnaithe.

(viii) Molann na stiúrthóirí:
1. An díbhinn thosaíochta atá dlite a íoc.
2. Díbhinn dheiridh ar ghnáthscaireanna a chur ar fáil, agus an díbhinn iomlán á thabhairt suas go dtí 8c an scair.

**Iarrtar ort iad seo a ullmhú:**

(a) Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2001. (75)
(b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2001. (45)

**(120 marc)**

## 2. <u>Dímheas ar Shócmhainní Seasta</u>

Ullmhaíonn Iompar Trínse Tta a gcuntais chríochnaitheacha go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta é a guid feithiclí a dhímheas ar ráta 15% sa bhliain, á ríomh ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diúscartha, agus an dímheas seo a charnadh i gCuntas Sholáthar in Aghaidh Dímheasa.

Ar 1/1/2000 bhí na feithiclí seo a leanas ag Iompar Trínse Tta.:
Uimh. 1 a ceannaíodh ar 1/1/1996 ar €66,000
Uimh. 2 a ceannaíodh ar 1/9/1997 ar €72,000
Uimh. 3 a ceannaíodh ar 1/3/1998 ar €78,000.

Ar 1/4/2000 scriosadh Feithicil Uimh. 3 i dtionóisc agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicle nua a chosain €96,000. Íocadh cúiteamh €28,000 leis an gcuideachta, agus íocadh seic €57,000 ar an bhfeithicil nua.
Ar 1/8/2001 trádáladh isteach Feithicil Uimh. 1 ar €12,000 in aghaidh feithicle nua a chosain €90,000. Bhí aonad cuisneoireachta feistithe i bhFeithicil Uimh. 1 ar 1/1/1998 ar chostas €16,000. Rinneadh dímheas ar an aonad cuisneoireachta ar ráta 30% dá chostas gach bliain don chéad dá bhliain, agus ina dhiaidh sin ar ráta 15% dá chostas sa bhliain.

**Maidir le gach bliain faoi seach den dá bhliain, 2000 agus 2001, iarrtar ort a thaispeáint, agus oibrithe agat**:

(a) Cuntas na bhFeithiclí (8)
(b) An Cuntas Sholáthar in Aghaidh Dímheasa (36)
(c) An Cuntas Diúscartha Feithiclí. (16)

**(60 marc)**

## 3. <u>Ceartú earráidí agus cuntas fionraí</u>

Níor réitigh Comhardú Trialach J. Townsend, úinéir garáiste, ar 31/12/2001. Iontráladh an difríocht i gCuntas Fionraí agus ullmhaíodh na cuntais chríochnaitheacha a léirigh glanbhrabús €29,000.

Tar éis na leabhair a sheiceáil, tháinig na hearráidí <u>agus na heasnaimh</u> seo chun solais:

(i) Rinneadh carr, a ceannaíodh ar cairde ó M. de Brún, ar €12,000, a iontráil ar an taobh mícheart de chuntas de Brún, agus cuireadh chun sochair é mar €21,000 i gcuntas an trealaimh.
(ii) Cuireadh páirteanna cairr, a díoladh ar cairde cheana féin ar €850, ar ais chuig Townsend. Rinneadh na haischuir seo a iontráil go hearráideach mar €50 chun sochair an chuntais trealaimh agus mar €580 chun dochair an chuntais cheannachán.
(iii) Níor iontráladh sna leabhair, seic ar €3,000, a d'íoc Townsend as cuntas bainc príobháideach i leith cíosa 15 mí ar gharáiste go dtí 31/3/2002.
(iv) Chuir Townsend carr ar ais, a bhí ceannaithe roimhe sin ar cairde ó sholáthraí ar €10,500, agus rinne sé an beart sin a iontráil go hearráideach sna mórleabhair chuntais chuí, mar €15,100. Ach tháinig nóta creidmheasa ina dhiaidh sin ón soláthraí ag léiriú táille athstocála €400 i leith chostas an aischuir. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh i leith an nóta chreidmheasa seo ná creidmheas €10,100 i gcuntas an chreidiúnaí.
(v) Bhain Townsend úsáid as €1,400, a fuarthas ó dhíolachán seanchaibinéad taispeántais (luach €1,200 de réir na leabhar), do speansais phríobháideacha.

**Iarrtar ort:**

(a) Na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cúnta. (40)
(b) Ráiteas a ullmhú agus an glanbhrabús ceart á thaispeáint agat. (20)

**(60 marc)**

## 4. Ráiteas Táblach

Taispeánann an clár comhardaithe seo a leanas staid airgeadais Tóibín Tta ar 1/1/2001:

**Clár Comhardaithe mar atá ar 1/1/2001**

| | Costas | Dímheas go dáta | Glan |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | € | € | € |
| Cáilmheas (costas €24,000) | | | 16,000 |
| Talamh agus foirgnimh | 440,000 | 44,000 | 396,000 |
| Trealamh | 10,000 | 4,000 | 6,000 |
| Veaineanna seachadta | 70,000 | 28,000 | 42,000 |
| | 520,000 | 76,000 | 460,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 91,400 | | |
| Árachas réamhíoctha | 1,200 | | |
| Féichiúnaithe | 61,000 | 153,600 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suim dlite taobh istigh de 1 bhlain** | | | |
| Creidiúnaithe | 69,300 | | |
| Banc | 11,600 | | |
| Pá dlite | 2,700 | 83,600 | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | | 70,000 |
| | | | 530,000 |
| **Maoinithe ag** | | | |
| **Caipteal agus Cúlchistí** | | | |
| Údaraithe - 550,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | | |
| Eisithe - 400,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | 400,000 | |
| Scairphréimh | | 35,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus Caillteanais | | 95,000 | 530,000 |

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2001:

Ean: Chinn Tóibín Tta an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar 1/1/2001 ar €650,000 agus talamh dar luach €120,000 faoi láthair san áireamh ann.

Feabh: Ghlac creidiúnaí, a raibh Tóibín Tta i bhfiacha €1,800 leis, le trealamh, a raibh luach €1,000 air de réir na leabhar, mar lánghlanadh an fhéich. Ba é €2,000 céadchostas an trealaimh.

Már: Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Márta a thaispeáin dochar díreach €2,400 i leith árachas tine don bhliain dar chríoch 31/3/2002.

Aib: Fuarthas íocaíocht €900 ó fhéichiúnaí a raibh a fhiach díscríofa cheana féin agus ar mhian leis trádáil a dhéanamh arís le Tóibín Tta. Is ionann sin agus 30% den fhiach tosaigh agus gheall an féichiúnaí go n-íocfaí an chuid eile den fhiach i mí Eanáir 2002.

Beal: Cheannaigh Tóibín Tta. gnólacht béal dorais, ar 1/5/2001, ina raibh foirgnimh €150,000, veaineanna seachadta €75,000 agus creidiúnaithe €45,000. Rinneadh an praghas ceannaigh a scaoileadh trí 150,000 scair a dheonadh don díoltóir i Tóibín Tta, ar phréimh 25c an scair.

Meith: Íocadh díbhinn eatramhach ar 5c an scair ar na scaireanna eisithe.

Iúil: Rinneadh veain seachadta a chosain €16,000 a thrádáil isteach i gcoinne veain nua a chosain €22,000. Tugadh liúntas €7,500 i leith an tseanveain. Ba é €8,200 an dímheas chun dáta ar an seanveain.

Noll: 2% de luach na leabhar a bheidh mar mhuirear dímheasa don bhliain ar na foirgnimh. Déanfar an muirear dímheasa a ríomh ó dháta na luachála agus ó dháta an cheannaigh. Ba é €16,000 an muirear dímheasa don bhliain ar veaineanna seachadta.

**Iarrtar ort:**

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an éifeacht a bhí ag gach beart thuas ar an sócmhainn agus ar an dliteanas cuí agus déan na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2001 a ríomh.

**(60 marc)**

## ROINN 2 (200 Marc)
Freagair **DHÁ CHEIST** ar bith

**5.** **Léirmhíniú Cuntas**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Uí Thuama Tta, déantúsóir i dtionscal na déiríochta, don bhliain dar críoch 31/12/2001.

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2001**

| | € |
|---|---|
| Díolacháin | 950,000 |
| Costais earraí díolta | (570,000) |
| Speansais iomlána oibriúcháin don bhliain | (210,000) |
| Ús don bhliain | (12,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | 158,000 |
| Díbhinní molta | (88,000) |
| Brabús choinnithe don bhliain | 70,000 |

**Cóimheasa agus figiúirí don bhliain dar críoch 31/12/2000**

| | |
|---|---|
| Tuillimh per gnáthscair | 26c |
| Díbhinn per gnáthscair | 2.6c |
| Mearchóimheas | 0.8 to 1 |
| Luach mhargaidh gnáthscaire | €1.95 |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 17% |
| Toradh ar chistí cothromais | 6.1% |
| Cumhdach úis | 11 uair |
| Giaráil | 36% |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2001**

| | | |
|---|---|---|
| Sócmhainní doláimhsithe | 120,000 | |
| Sócmhainní Seasta | 700,000 | 820,000 |
| | | |
| Sócmhainní Reatha (Féichiúnaithe €98,000, stoic €42,000 san áireamh) | 170,000 | |
| Dliteanais Reatha | | |
| Creidiúnaithe Trádála | (32,000) | |
| Díbhinní molta | (88,000) | 50,000 |
| | | 870,000 |
| | | |
| Bintiúir 12% 2007/2008 | | 100,000 |
| Caipiteal eisithe | | |
| 450,000 Gnáthscair @ €1 an ceann | 450,000 | |
| 200,000 scair thosaíochta 12% @ €1 an ceann | 200,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | 120,000 | 770,000 |
| | | 870,000 |
| | | |
| Luach mhargaidh Gnáthscaire amháin | | €2.04 |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh don bhliain 2001:**

(a)
1. Díolacháin ar airgead más é 2 mhí an mheántréimhse creidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.
2. An tuilleamh per scair.
3. An Cóimheas Praghas Tuillimh.
4. Cén fad a thógfadh sé ar ghnáthscair a luach ar an margadh a ghnóthú ar ais arís de réir an ráta íoctha amach díbhinní atá ann faoi láthair.
5. An cumhdach gnáthdhíbhinne. (45)

(b) Tugadh an deis do chara duit gnáthscaireanna a cheannach in Ó Tuama Tta ach iarrann comhairle ortsa ar dtús. Cén chomhairle a thabharfá? Bain úsáid as cóimheasanna, céadatáin, mar aon le sonraí eolais ar bith eile thuas mar thaca le do chonclúidí (55)

**(100 marc)**

## 6. Cuntais Fhoilsithe

Seo a leanas an comhardú trialach ag Mac Thomáis Plc. mar a bhí ar 31/12/2001

| | Dr € | Sr € |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí shócmhainní seasta | 300,000 | |
| Paitinn ar 1/1/2001 | 168,000 | |
| Foirgneamh – costas ar 1/1/2001 | 700,000 | |
| Foirgneamh – dímheas carntha ar 1/1/2001 | | 48,000 |
| Stoic ar 1/1/2001 | 650,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 139,000 | 241,000 |
| Bintiúir 8% 2005/2006 | | 400,000 |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 6,150,000 | 7,988,000 |
| Costais dáileacháin | 610,000 | |
| Speansais riaracháin | 742,000 | |
| Ioncam cíosa | | 52,000 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 23,000 |
| Ús bintiúr íoctha | 12,000 | |
| Díbhinní eatramhacha | 24,000 | |
| Brabús ar thalamh a dhíol | | 80,000 |
| Banc | 179,000 | |
| CBL | | 82,000 |
| Scairchaipiteal údaraithe agus eisithe: | | |
| Gnáthscair @ €1 an ceann | | 400,000 |
| Scair thosaíochta 7% ar @ €1 an ceann | | 300,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais ar 1/1/2001 | | 60,000 |
| | 9,674,000 | 9,674,000 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas freisin:

(i) Ba é €690,000 an stoc ar 31/12/2001.

(ii) Déantar soláthar in aghaidh dímheasa mar leanas:
Foirgneamh 2% ar líne dhíreach. (Níor ceannaíodh ná níor díoladh aon fhoirgneamh i gcaitheamh na bliana). I gcaitheamh na bliana díoladh ar €135,000 talamh a bhí teorantach le foirgneamh na cuideachta a raibh céadchostas €55,000 air. Ag deireadh na bliana rinne an chuideachta athluacháil ar a foirgneamh ar €750,000. Is mian leis an gcuideachta an luach seo a thógáil san áireamh i gcuntais na bliana seo.

(iii) Déantar soláthar do:
Luach saothair stiúrthóirí €80,000
Luach saothar iniúchóirí €9,000
Cáin chorparáide €170,000
Ús dlite ar bhintiúir ar 31/12/2001

(iv) Fuarthas an phaitinn ar 1/1/1998 ar €240,000. Tá sí á hamúchadh thar 10 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Ba chóir an t-amúchadh a chur san áireamh i gcostas na ndíolachán.

(v) Ar 1 Iúil 2001 íocadh díbhinní eatramhacha €10,500 agus €13,500 leis na gnáth-scairshealbhóirí agus leis na scairshealbhóirí tosaíochta faoi seach. Molann na stiúrthóirí go n-íocfaí an díbhinn thosaíochta atá dlite agus díbhinn deiridh ar ghnáthscaireanna ar 6c an scair.

(vi) Tá na hinfheistíochtaí shócmhainní seasta i gcuideachtaí liostáilte. Ba é €480,000 luach na n-infheistíochtaí ar an margadh ar 31/12/2001. Níor díoladh ná níor ceannaíodh infheistíochtaí i gcaitheamh na bliana.

(vii) Tá na bintiúir faoi urrús ag muirear seasta thar shócmhainní seasta soláimhsithe na cuideachta.

(viii) Ar 12/12/2001 fuair an chuideachta litir ó iarfhostaí a briseadh as a phost ar 1/10/2001. Tá an fostaí ag éileamh cúitimh i leith dífhostaithe mídhleathaigh. Measann comhairleoirí dlí na cuideachta gur beag seans go mbeidh dliteanas ar an gcuideachta faoi théarmaí an chonradh fostaíochta agus measann siad gurbh é €25,000 uasmhéid an dliteanais.

**Iarrtar ort:**

(a) An cuntas foilsithe brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2001 mar aon le clár comhardaithe mar a bheadh ar an dáta sin de réir Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasaíochta is déanaí, agus na nótaí seo a leanas á dtaispeáint agat.
1. Nóta ag léiriú an pholasaí cuntasaíochta i leith sócmhainní seasta soláimhsithe agus stoic.
2. Brabús oibriúcháin.
3. Dliteanais theagmhasacha.
4. Díbhinní.
5. Sócmhainní seasta soláimhsithe. (85)

(b) Luaigh an difríocht atá idir Tuarascáil Cháilithe agus Tuarascáil Neamhcháilithe ag Iniúchóir. (15)

**(100 marc)**

## 7. Cuntais Chlub

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i measc sócmhainní agus dliteanais Chlub Leadóige na Mór-Réalt ar 1/1/2001:

Clubtheach agus Cúirteanna €520,000, Stoc Beáir €2,100, Trealamh (ar a chostas) €11,200, Ballraíocht Saoil €24,000, Féichiúnaithe Beáir €90, Creidiúnaithe Beáir €1,250, Síntiúis réamhíoctha €600, Infheistíochtaí Rialtais 8% €25,000, Ús dlite ar infheistíocht €500, Cúlchiste Tobhaigh €20,000, Pá dlite €900.

Chuir Cisteoir an Chlub an cuntas seo a leanas ar fáil i dtaobh imeachtaí an Chlub i rith na bliana dar chríoch 31/12/2001:

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Cuntas Reatha Bainc | 3,950 | Ceannacháin Bheáir | 71,500 |
| Ioncam Infheistíochtaí | 1,500 | Speansais éagsúla | 83,620 |
| Táillí iontrála | 16,000 | Costais Lónadóireachta | 2,480 |
| Admhálacha Lónadóireachta | 5,250 | Trealamh | 12,500 |
| Urraíocht bhliantúil | 36,000 | Ceachtanna traenála | 4,650 |
| Síntiúis | 96,600 | Aisíoc iasachta €12,000 ar | |
| Fáltais Bheáir | 104,440 | 31/12/2001 mar aon le hús1¼ bliain | 13,500 |
| | | Aistriú chuig Cumann Foirgníochta 31/12/2001 | 45,000 |
| | | Iarmhéid | 30,490 |
| | €263,740 | | €263,740 |

Tugtar duit an t-eolas agus na treoracha breise seo a leanas:

1. Ba é €2,300 an Stoc Beáir ar 31/12/2001.

2. Tá trealamh a bhí i seilbh an chlub ar 31/12/2001 le dímheas ar ráta 20% dá chostas.

3. Tá an clubtheach agus na cúirteanna le dímheas de réir 2% dá gcostas.

4. Ba iad €140 agus €1,980 féichiúnaithe agus creidiúnaithe an bheáir faoi seach ar 31/12/2001.

5. Ar na síntiúis, tá:
   2 bhallraíocht saoil ar €4,000 an ceann.
   Síntiúis do 2002 arbh ionann iad agus €1,500 san iomlán.
   Tobhach €100 ar 200 ball do 2001
   Tobhach €100 ar 12 ball do 2000.

6. Bhí ballraíocht saoil le díscríobh thar tréimhse deich mbliana ag tosú i 2001.

**Iarrtar ort**:

(a) Ciste Carntha an Chlub (Caipiteal) a thaispeáint ar 1/1/2001. (30)

(b) An Cuntas Ioncaim agus Caillteanais a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2001. (35)

(c) Clár Comhardaithe an Chlub a thaispeáint ar 31/12/2001. (20)

(d) Léirigh na pointí a dhéanfá féin, mar chisteoir, agus moladh ag teacht ó na baill ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil an síntiúis a laghdú 10%. (15)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

## 8. Jabchostáil

Déanann Ó Tiomáin Tta a chuid táirgí i dtrí rannóg – déantúsaíocht, snasú, agus pacáil. Seo a leanas na speansais bhuiséadaithe don bhliain 2002.

| | Iomlán | Déantúsaíocht | Snasú | Pacáil |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Ábhair indíreachta | 180,000 | 110,000 | 40,000 | 30,000 |
| Saothar indíreach | 240,000 | 120,000 | 70,000 | 50,000 |
| Solas agus teas | 48,000 | | | |
| Cíos agus rátaí | 27,000 | | | |
| Cothabháil innealra | 16,000 | | | |
| Dímheas trealaimh | 80,000 | | | |
| Ceaintín monarchan | 35,000 | | | |

**Tá na sonraí breise eolais seo ar fáil mar gheall na trí rannóga.**

| | Iomlán | Déantúsaíocht | Snasú | Pacáil |
|---|---|---|---|---|
| Achar urláir méadar cearnach | 9,000 | 4,000 | 3,000 | 2,000 |
| Méid méadar ciúbach | 24,000 | 12,000 | 8,000 | 4,000 |
| Luacháil mhonarchan i € de réir luach na leabhar | 400,000 | 240,000 | 100,000 | 60,000 |
| Uaireanta meaisín | 60,000 | 30,000 | 15,000 | 15,000 |
| Líon fostaithe | 70 | 30 | 30 | 10 |
| Uaireanta saothair | 160,000 | 80,000 | 60,000 | 20,000 |

Tá Jab Uimh. 999 díreach críochnaithe. Seo iad na sonraí:

| | Ábhar Díreach | Saothar Díreach | Uaireanta Meaisín | Uaireanta Saothair |
|---|---|---|---|---|
| Déantúsaíocht | €850 | 50 | 20 | |
| Snasú | €2,800 | €3,900 | 15 | 90 |
| Pacáil | - | €1,500 | 6 | 25 |

Déanann an chuideachta buiséad do chorrlach díolachán 20%.

**Iarrtar ort**:

(a) An forchostas atá le hionsú ag gach rannóg a ríomh agus luaigh go soiléir an bonn ar an ndéanann tú an chionroinnt.

(b) Ríomh ráta ionsú a bheadh oiriúnach do gach rannóg faoi seach.

(c) Ríomh an praghas díolacháin ar Jab Uimh. 999.

**(80 marc)**

## 9. Buiséadacht Airgid

Bhí na Sócmhainní agus Dliteanais seo a leanas ag O Toole ar 1 Ean. 2002.

| | € | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | |
| Stoc | 47,250 | |
| Féichiúnaithe | 8,000 | |
| Airgead | 1,500 | |
| Rátaí réamhíoctha (3 mhí) | 600 | 57,350 |
| **Dliteanais** | | |
| Caipiteal | | 57,350 |

Is iad seo a leanas na díolacháin a bhfuiltear ag súil leis don chéad 7 mhí seo chugainn:

| Ean | Feab | Már | Aib | Beal | Meith | Iúl |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €63,000 | €81,000 | €75,000 | €69,000 | €72,000 | €75,000 | €87,000 |

(i) Tá 80% den díolacháin ar airgead agus 20% ar cairde agus íoctar astu mí amháin indiaidh an díolacháin.

(ii) Sé an Ollbhrabús mar chéatadán de dhíolacháin na 25%.

(iii) Theastaíonn uaidh O Toole iarmhéid airgid de €6,000 minimum a choinneáil ag deire gach mí.

(iv) Tá na hiasachtaí uile i méideanna (multiples) €1000 agus sé 10% per annum an ráta úis.

(v) Ní mór na ceannacháin do gach mí a bheith ábalta na díolacháin don mhí seo chugainn a chlúdach.

(vi) Íoctar ceannacháin ag deireadh na míosa.

(vii) Cheannaigh O Toole inneal ar Feab. 1 ar chostas €12,000 (Dímheas 15% per annum dá gcostas).

(viii) Tógann O Toole an áitreamh ar cíos ar €24,000 per annum iníoctha gach mí.

(ix) Íoctar pá de €12,500 gach mí.

(x) Ar 1 Aib. cheannaigh O Toole ríomhaire ar airgead €2,200 (Dímheas 20% per annum den chostas).

(xi) Rátaí ar 6 mhí ó Aib. 1 ná €2,400 (íoctha in Aibreán).

(xii) Ní mór ¼ (ceathrú cuid) den airgead a tógadh ar iasacht ar 31/1/2002 a aisíoc ag deireadh mhí an Mheithimh maille le hús go dáta ar an méid aisíoctha.

**Iarrtar ort iad seo leanas a ullmhú:**

(a) Buiséad airgid don tréimhse sé mhí ó Eanáir go Meitheamh.

(b) Cuntas Buiséadaithe Brabúis agus Caillteanais (Ráiteas Ioncaim Pro-forma) don sé mhí go 30/6/2002.

**(80 marc)**